



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

8351/1/25
REV 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0055(COD)

TRANS 152
JAI 504
CATS 17
COPEN 99
CODEC 492
PARLNAT

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfaí TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir (AE) 2025/... a mhéid a bhaineann le dícháiliúcháin tiomána áirithe - Arna ghlacadh ag an gComhairle an 29 Meán Fómhair 2025

TREOIR (AE) 2025/...
Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an ...

lena leasaítear Treoir (AE) 2025/...⁺ a mhéid a bhaineann le dícháiliúcháin tiomána áirithe

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1),
pointe (c) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach²,

⁺ IO : cuir isteach, le do thoil, tagairt foilseacháin dhoiciméad ST 8353/25 (2023/0053 (COD)).

¹ IO C 293, 18.8.2023, lch. 133.

² Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Feabhra 2024 agus seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an 29 Meán Fómhair 2025 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil). Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an ... (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is príomhchuspóir de bheartas iompair an Aontais é feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre. I gCreat Beartais an Aontais um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030, bhí an Coimisiún tiomanta an athuair don chuspóir uailmhianach go mbeidh líon na mbásanna níos gaire do nialas agus nach mbeidh aon ghortuithe tromchúiseacha ann ar bhóithre an Aontais faoi 2050 ('Fís Nialais'), sin agus don aidhm mheántéarmach go mbeidh laghdú 50 % ar líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha faoi 2030.
- (2) Chun an sprioc maidir le feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre a bhaint amach, i nDearbhú Vaileite maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre an 29 Márta 2017, d'iarr Airí Iompair na mBallstát go ndéanfaí creat dlíthiúil an Aontais maidir le sábháilteacht ar bhóithre a neartú, agus go ndíreofaí go háirithe ar an ngá go n-oibreodh na Ballstáit i gcomhar maidir le dícháiliúcháin tiomána tiománaithe neamhchónaitheacha.
- (3) Mar thoradh ar shaorghluaiseacht daoine agus ar leibhéal méadaitheach an tráchta idirnáisiúnta ar bhóithre, is minic a bhíonn dícháiliúcháin tiomána á bhforchur ag Ballstát seachas an Ballstát ina mbíonn gnáthchónaí ar an tiománaí, nó a d'eisigh an ceadúnas tiomána.

- (4) Faoi láthair, féadfaidh Ballstát seachas an Ballstát ina mbíonn gnáthchónaí ar an tiománaí nó an Ballstát a d'eisigh an ceadúnas tiomána (an 'Ballstát eisiúna') bearta a dhéanamh, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta, mar fhreagairt ar shealbhóir ceadúnais tiomána a fuarthas i mBallstát eile a bheith i mbun iompraíocht neamhdhleathach laistigh dá chríoch. Mar thoradh ar na bearta sin, diúltaítear aitheantas a thabhairt do bhailíocht ceadúnas tiomána arna n-eisiúint ag na Ballstáit eile agus, dá bhrí sin, cuirtear srian ar an gceart chun tiomána atá ag an duine lena mbaineann. Tá raon feidhme na mbeart sin teoranta do chríoch an Bhallstáit inar tharla an iompraíocht neamhdhleathach, áfach, agus tá a n-éifeacht teoranta don diúltú aitheantas a thabhairt do bhailíocht an cheadúnais tiomána sin laistigh den chríoch sin. Dá bhrí sin, in éagmais aon ghníomhaíocht ón mBallstát eisiúna, leanann an ceadúnas tiomána sin de bheith aitheanta i ngach Ballstát eile. Sa chás sin, cuirtear cosc ar leibhéal níos airde sábháilteachta ar bhóithre a bhaint amach san Aontas. Tiománaithe atá dícháilithe ón tiomáint i mBallstát seachas an Ballstát an Ballstát eisiúna, níor cheart dóibh éalú ó éifeachtaí an bhirt sin agus iad i láthair i mBallstát seachas i mBallstát ina ndearnadh an cion (Ballstát an chiona).
- (5) Chun ardleibhéal cosanta a áirithiú do gach úsáideoir bóithre san Aontas, is gá rialacha sonracha a leagan síos maidir le cur chun feidhme na ndícháiliúcháin tiomána arna bhforchur ag Ballstát seachas an Ballstát a d'eisigh ceadúnas tiomána an duine atá faoi réir dícháiliúcháin tiomána, i gcás inarb iad cionta dícháilithe tiomána faoi chuimsiú na Treorach seo is cúis leis na dícháiliúcháin tiomána sin.

- (6) Mar sin féin, chun an Treoir seo a chur chun feidhme, níor cheart go mbeadh sé de cheangal comhchuibhiú a dhéanamh ar fhorálacha an dlí náisiúnta a bhaineann le sainmhíniú cionta tráchta bóthair, lena gcineál dlíthiúil agus leis na bearta a d'fhéadfadh teacht as na cionta sin. Go háirithe, ba cheart cur chun feidhme na ndícháiliúchán tiomána sa Bhallstát eisiúna a shaothrú gan beann ar cé acu a cháilíonn nó nach gcáilíonn Ballstát an chiona na bearta náisiúnta mar bhearta riaracháin nó coiriúla. I gcomhréir le prionsabal an neamhspleáchais ó thaobh nósanna imeachta de, ba cheart do na Ballstáit a nósanna imeachta inmheánacha a chur ar bun, laistigh de theorainneacha a ndlí náisiúnta, chun an cur chun feidhme is tapúla agus is éifeachtúla a bhaint amach maidir leis an Treoir seo.

- (7) Ba cheart an Treoir seo a bheith gan dochar do na rialacha maidir le comhar póilíneachta agus comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, agus maidir le haitheantas frithpháirteach na gcinntí breithiúnacha gaolmhara. Chomh maith leis sin, níor cheart difear a dhéanamh don fhéidearthacht atá ag údarais bhreithiúnacha na mBallstát cinntí a d’eisigh siad a fhorghníomhú, go háirithe cinntí de chineál coiriúil. Go háirithe, leis an Treoir seo, níor cheart difear a dhéanamh do na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as Cinntí Réime 2005/214/CGB³ agus 2008/947/CGB ón gComhairle⁴, ná do chearta daoine atá faoi dhrochamhras ná daoine atá cúisithe dá bhforáiltear i dTreoracha 2010/64/AE⁵, 2012/13/AE⁶, 2013/48/AE⁷, (AE) 2016/343⁸, (AE) 2016/800⁹ agus (AE) 2016/1919¹⁰ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

³ Cinneadh Réime 2005/214/CGB an 24 Feabhra 2005 ón gComhairle maidir le feidhm a bheith ag prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh maidir le pionóis airgeadais (IO L 76, 22.3.2005, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_framw/2005/214/oj).

⁴ Cinneadh Réime 2008/947/CGB ón gComhairle an 27 Samhain 2008 maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm maidir le breithiúnais agus cinntí promhaidh d’fhonn maoirseacht a dhéanamh ar bhearta promhaidh agus ar smachtbhannaí malartacha (IO L 337, 16.12.2008, lch. 102, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_framw/2008/947/oj).

⁵ Treoir 2010/64/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus aistriúcháin in imeachtaí coiriúla (IO L 280, 26.10.2010, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2010/64/oj>).

⁶ Treoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus aistriúcháin in imeachtaí coiriúla (IO L 142, 1.6.2012, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2012/13/oj>).

⁷ Treoir 2013/48/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir leis an gceart chun dlíodóir a rochtain in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, agus maidir leis an gceart chun tríú páirtí a chur ar an eolas maidir le cailleadh saoirse agus chun cumarsáid a dhéanamh le tríú daoine agus le húdarais chonsalachta nuair a chailltear an tsaoirse (IO L 294, 6.11.2013, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2013/48/oj>).

⁸ Treoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le gnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta a neartú mar aon leis an gceart bheith i láthair ag an triail in imeachtaí coiriúla (IO L 65, 11.3.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2016/343/oj>).

⁹ Treoir (AE) 2016/800 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir leis na coimircí nós imeachta do leanaí atá faoi drochamhras nó do dhaoine cúisithe in imeachtaí coiriúla (IO L 132, 21.5.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2016/800/oj>).

¹⁰ Treoir (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le cúnamh dlí do dhaoine atá faoi dhrochamhras nó do dhaoine atá cúisithe in imeachtaí coiriúla agus do dhaoine iarrtha in imeachtaí faoi réir barántas gabhála Eorpach (IO L 297, 4.11.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2016/1919/oj>).

- (8) Is é is aidhm don Treoir seo é a chur ar a chumas don Aontas an sprioc maidir le feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre ar fud an Aontais a shaothrú. Mar a chinn an Chúirt Bhreithiúnais i gCás C-43/12¹¹, is cuid de bheartas iompair iad bearta lena bhféachtar le feabhas a chur ar shábháilteacht ar bóithre agus féadfar iad a ghlacadh ar bhonn Airteagal 91(1), pointe (c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), a mhéid is bearta iad ‘ar mhaithe le feabhas a thabhairt ar shábháilteacht an iompair’ de réir bhrí na forála sin.
- (9) Maidir le dícháiliúcháin tiomána a eascraíonn as cionta dícháilithe tiomána faoi chuimsiú raon feidhme na Treorach seo, is féidir an méid a leanas a bheith i gceist, ceart tiomána, ceadúnas tiomána nó an t-aitheantas do bhailíocht an cheadúnais tiomána sin, a tharraingt siar, a chur ar fionraí nó a shrianadh. Dá bhrí sin, ba cheart cur chun feidhme na ndícháiliúcháin tiomána sin a bhaint amach san Aontas tríd an tarraingt siar, an srianadh nó an cur ar fionraí sin a bheith á gcur i bhfeidhm ag an mBallstát a d’eisigh an ceadúnas tiomána.

¹¹ Breithiúnas ón gCúirt (an Mór-Dhlísheomra) an 6 Bealtaine 2014, an Coimisiún v an Pharlaimint agus an Chomhairle, C-43/12, ECLI:EU:C:2014:298, mír 43.

- (10) Ní hé déanamh ciona, áfach, an t-aon chúinse amháin a bhféadfadh ceart tiomána, ceadúnas tiomána nó, an t-aitheantas do bhailíocht cheadúnas tiománaa tharraingt siar, a chur ar fionraí nó a shrianadh. D'fhéadfadh an tarraingt siar, an cur ar fionraí a bheith mar thoradh ar chúinsí eile freisin, mar shampla gan na híoschaighdeáin a leagtar síos in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir (AE) 2025/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹²⁺ a chomhlíonadh. Ós rud é go rialaítear na híoschaighdeáin sin le Treoir (AE) 2025/...⁺⁺ ba cheart a shoiléiriú leis na sainmhínithe a bhaineann leis na téarmaí sin go gcumhdaítear leo gach cás a mbíonn an tarraingt siar, an fionraí nó an srianadh mar thoradh air, agus ní hamháin na cásanna sin a eascraíonn as cion a dhéanamh.

¹² Treoir (AE) 2025/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le ... (IO L...ELI: ...).

⁺ IO : cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir thagartha na Treorach a leagtar amach i ndoiciméad ST 8353/25 (2023/0053 (COD)) agus comhlánaigh an fonóta comhfhreagrach.

⁺⁺ IO : cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir thagartha na Treorach a leagtar amach i ndoiciméad ST 8353/25 (2023/0053 (COD)).

- (11) Ós rud é go bhfuil tiomáint faoi thionchar an óil, is é sin duine a bheith ag tiomáint agus é nó í lagaithe ag alcól, mar a shainmhínítear i ndlí Bhallstát an chiona, tiomáint faoi thionchar drugaí agus tiomáint róghasta, is é sin a bheith ag sárú na luasteorainneacha atá i bhfeidhm i mBallstát an chiona maidir leis an mbóthar nó leis an gcineál feithicle lena mbaineann, ar na príomhchúiseanna le himbhualtí tráchta agus le básanna ar bhóithre laistigh den Aontas, ba cheart an dícheall is airde is féidir a chur i bhfeidhm maidir le cásanna a bhaineann leis na cionta sin, agus ba cheart a mheas gur ‘cionta dícháiliúcháin tiomána’ iad chun críocha na Treorach seo. Thairis sin, mar gheall ar a thromchúisí atá cionta tráchta ar bhóithre a mbíonn bás nó gortú tromchúiseach coirp íospartaigh mar thoradh orthu, ba cheart iad sin a mheas freisin mar chionta dícháiliúcháin tiomána faoi chuimsiú raon feidhme na Treorach seo. Ba cheart a cheangal, le dícháiliúchán tiomána a fhorchur, go sainithneofar go beacht an tiománaí a rinne cion dícháiliúcháin tiomána agus níor cheart é a chinneadh ar bhonn dliteanas oibiachtúil, mar shampla a bheith mar shealbhóir na feithicle.
- (12) Níor cheart fógra a thabhairt don Bhallstát eisiúna faoi dhícháiliúcháin tiomána i gcomhréir leis an Treoir seo ach amháin más rud é gur forchuireadh iad mar gheall ar chion dícháiliúcháin tiomána a bheith déanta mar a shainítear sa Treoir seo é.
- (13) Dícháiliúcháin tiomána a fhorchuireann Ballstát ar dhuine ag a bhfuil ceadúnas tiomána a d’eisigh Ballstát eile, ba cheart éifeacht a bheith ag na dícháiliúcháin sin ar fud chríoch iomlán an Aontais, i dtéarmaí atá cosúil leis na héifeachtaí atá ag dícháiliúcháin tiomána a fhorchuirtear ar dhaoine ag a bhfuil ceadúnais tiomána a d’eisigh an Ballstát a bhfuil an dícháiliúchán tiomána á fhorchur aige. Chomh maith leis sin, i bhfianaise phrionsabal an neamhspleáchais nós imeachta, ba cheart an tsaoirse a bheith ag na Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir leis an mbealach is fearr chun an toradh sin a bhaint amach i gcomhréir lena ndlí náisiúnta.

- (14) Ba cheart do Bhallstát an chiona fógra a thabhairt gan moill mhíchuí don Bhallstát eisiúna faoi aon dícháiliúchán tiomána faoi raon feidhme na Treorach seo arna fhorchur ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad agus dá bhfuil, tráth an fhógra, an tréimhse fionraí nó srianta atá fágtha atá le cur isteach de bhun an dícháiliúcháin tiomána sin níos faide ná aon mhí amháin, chun na nósanna imeachta is gá a ghníomhachtú chun cur chun feidhme an dícháiliúcháin tiomána sa Bhallstát eisiúna a áirithiú. Ba cheart an fógra sin a tharchur i bhfoirm leictreonach trí bhíthin deimhniú caighdeánach chun dícháiliúchán tiomána a chur in iúl (an ‘deimhniú caighdeánach maidir le dícháiliúchán tiomána’), chun malartú faisnéise rianúil, iontaofa agus éifeachtach idir na Ballstáit a áirithiú.

- (15) Ba cheart tacar íosta sonraí a bheith sa deimhniú caighdeánach maidir le dícháiliúchán tiomána lenar féidir an Treoir seo a chur chun feidhme go cuí agus ba cheart a áireamh ann, go háirithe, sonraí faoi údarás Bhallstát an chion, a d'fhorchuir an dícháiliúchán tiomána an cion dícháilithe tiomána a rinneadh, an dícháiliúchán tiomána a tháinig as sin agus an duine faoi réir an dícháiliúcháin tiomána. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún na cóid a áirítear i gCuid E d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2025/...⁺ a thabhairt cothrom le dáta de bhun gníomh tarmligthe faoin Treoir seo, chun go mbeidh siad ar fáil i bhfad roimh dháta thrasú na Treorach seo. Tríd an deimhniú caighdeánach sin maidir le dícháiliúchán tiomána a úsáid, ráthófar malartú éifeachtach faisnéise gan oibleagáid a chur ar na Ballstáit méid faisnéise a chomhroinnt atá díréireach nó iomarcach.
- (16) Ba cheart an deimhniú caighdeánach maidir le dícháiliúchán tiomána a aistriú freisin go haon teanga oifigiúil de chuid institiúidí an Aontais ar teanga oifigiúil í de chuid an Bhallstáit eisiúna nó go teanga ar bith eile de chuid institiúidí an Aontais ar ghlac an Ballstát eisiúna léi, chun a áirithiú go ndéanfaidh an seolaí próiseáil ghasta.

⁺ IO : cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir thagartha na Treorach a leagtar amach i ndoiciméad ST 8353/25 (2023/0053 (COD)).

- (17) Agus dícháiliúcháin tiomána á bhforchur mar fhreagairt ar iompraíocht neamhdhleathach, rannchuidítear le hardleibhéal sábháilteachta ar bhóithre a ráthú laistigh den Aontas. Ar bhonn phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh maidir le ceadúnais tiomána a eisítear sna Ballstáit, bearta a bhaineann le ceadúnas tiomána a d'eisigh an Ballstát eisiúna a tharraingt siar, a chur ar fionraí nó a shrianadh, ba cheart do na Ballstáit eile uile a bheith in ann iad a fhorfheidhmiú go huathoibríoch, ós rud é nach féidir leis an duine atá faoi réir an dícháiliúcháin tiomána doiciméad bailí a chur ar fáil chun a cheart nó a ceart tiomána a fhíorú. Dá bhrí sin, ar fhógra a thabhairt maidir leis an dícháiliúchán tiomána arna fhorchur, agus mura bhfuil feidhm ag foras le haghaidh díolúine nó mura ndéantar é a agairt, ba cheart don Bhallstát eisiúna na bearta iomchuí a dhéanamh chun an dícháiliúchán tiomána a chur chun feidhme.

- (18) Ba cheart an beart a dhéanann an Ballstát eisiúna a bheith éagsúil ag brath ar chineál sonracha an dícháiliúcháin tiomána. Ós rud é gur gá go mbeadh iarmhairtí difriúla ag baint le tarraingt siar, cur ar fionraí nó srianadh, ceanglaítear leo go gcuirfear chun feidhme nósanna imeachta éagsúla i gcomhréir le hinniúlachtaí na mBallstát lena mbaineann. A mhéid a bhaineann le tarraingt siar, ba cheart don duine atá faoi réir dícháiliúchán tiomána a bheith in ann a cheadúnas tiomána nó a ceadúnas tiomána a aisghabháil nó iarratas a dhéanamh ar cheadúnas tiomána nua i gcomhréir le Treoir (AE) 2025/...⁺. I gcás nach bhforáiltear sa Bhallstát eisiúna do tharraingt siar, ba cheart don Bhallstát eisiúna an ceadúnas tiomána a chur ar fionraí, measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht nó inniúlacht tiomána shealbhóir an cheadúnais tiomána sin agus aon bheart a dhéanamh a mheastar a bheith iomchuí tar éis an mheasúnaithe sin.

⁺ IO : cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir thagartha na Treorach a leagtar amach i ndoiciméad ST 8353/25 (2023/0053 (COD)).

A mhéid a bhaineann le cur ar fionraí nó srianadh, ba cheart a áirithiú nach gcuirfear chun feidhme ach fad na mbeart sin, fiú i gcás ina ndéantar foráil maidir le coinníollacha comhlántacha leis an dícháiliúchán tiomána, toisc gurb é an príomhchuspóir atá le cur ar fionraí nó srianadh den sórt sin cosc sealadach nó páirteach a chur ar an duine atá faoi réir an dícháiliúcháin tiomána tiomáint agus gan a chinneadh conas ba cheart don duine sin a cheadúnas tiomána nó a ceadúnas tiomána a aisghabháil. Mar sin féin, ba cheart é sin a bheith gan dochar don cheart chun a mheas an mbaineann baol don tsábháilteacht ar bhóithre leis an duine atá faoi réir an dícháiliúcháin tiomána agus chun bearta a ghlacadh de réir an mheasúnaithe sin.

- (19) Ba cheart é a bheith d’aidhm ag an mBallstát eisiúna, laistigh de theorainneacha dlíthiúla an dlí náisiúnta atá ann cheana, a áirithiú go gcomhfhreagraíonn na bearta a dhéantar maidir le dícháiliúchán tiomána a mhéid is féidir do na bearta arna bhforchur ag Ballstát an chiona.
- (20) I gcás ina bhforchuireann Ballstát an chiona dícháiliúchán tiomána ar dhuine a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi sa Bhallstát sin, ach a bhfuil ceadúnas tiomána aige a d’eisigh Ballstát eile, beidh Ballstát an chiona i dteideal an ceadúnas tiomána a mhalartú chun an dícháiliúchán tiomána sin a chur i bhfeidhm. I gcás ina ndéanann Ballstát an chiona ceadúnas tiomána duine a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi i mBallstát seachas an Ballstát eisiúna a tharraingt siar, ba cheart don Bhallstát ina bhfuil gnáthchónaí air a bheith freagrach as ceadúnas tiomána nua a eisiúint, agus an fhaisnéis a chuireann an Ballstát eisiúna ar fáil i líonra an Aontais Eorpaigh um cheadúnais tiomána á cur san áireamh, dá dtagraítear i dTreoir (AE) 2025/...⁺.

⁺ IO : cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir thagartha na Treorach a leagtar amach i ndoiciméad ST 8353/25 (2023/0053 (COD)).

- (21) Ba cheart do Bhallstát an chiona a bheith in ann leanúint de dhícháiliúcháin tiomána agus aon choinníollacha comhlántacha gaolmhara a leagtar síos fúthu a chur i bhfeidhm go dtí go gcomhlíonfaidh an duine atá faoi réir an dícháiliúcháin tiomána iad, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta agus le héifeachtaí atá teoranta dá chríoch. Anuas air sin, ba cheart do Bhallstát an chiona a bheith in ann ceanglais a fhorchur a bhaineann le dul in éag tréimhse shocraithe ama, amhail tréimhse ina bhfuil toirmeasc ar an tiománaí atá faoi réir an dícháiliúcháin tiomána an ceadúnas tiomána arb ann dó cheana a aisghabháil nó iarratas a dhéanamh ar cheadúnas tiomána nua ('tréimhse toirmisc'), agus níor cheart na ceanglais sin a mheas mar choinníollacha comhlántacha de réir bhrí na Treorach seo. Le linn tréimhse thoirmisc mar sin, ba cheart go bhféadfadh Ballstát an chiona a chinneadh gan bailíocht ceadúnais tiomána a aithint, ar ceadúnas é a aisghabhadh nó a fuarthas as an nua sa Bhallstát eisiúna. Mar sin féin, tar éis don tréimhse thoirmisc sin dul in éag, ba cheart do Bhallstát an chiona aitheantas a thabhairt do bhailíocht ceadúnais tiomána arna n-eisiúint ag an mBallstát eisiúna, gan beann ar cé acu a eisíodh nó nár eisíodh é le linn na tréimhse thoirmisc sin.

- (22) Ba cheart an Treoir seo a bheith gan dochar d'fhorálacha Threoir (AE) 2025/...⁺, ina luaitear gur cheart a mheas go bhfuil ceadúnas tiomána curtha ar ceal, tarraingthe siar, curtha ar fionraí nó srianta go dtí go mbeidh aon choinníollacha arna bhforchur ag an mBallstát eisiúna comhlíonta ag an duine faoi réir an dícháiliúcháin tiomána, ar coinníollacha iad nach mór a bheith comhlíonta ag an duine sin chun go mbeidh sé in ann an ceadúnas tiomána a aisghabháil nó chun iarratas a dhéanamh ar cheadúnas nua. I gcás ina n-eisítear ceadúnas tiomána trí dhearmad d'iarratasóir nár chomhlíon aon choinníoll den chineál sin go fóill, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a aitheantas a dhiúltú, lena n-áirítear tar éis deireadh a bheith tagtha leis an tréimhse thoirmisc.
- (23) I gcás ina bhfuil bearta glactha ag an mBallstát eisiúna chun an dícháiliúchán tiomána a chur chun feidhme agus inar athmheasadh, ina dhiaidh sin, cé acu atá nó nach bhfuil an duine atá faoi réir an dícháiliúcháin tiomána oiriúnach chun a cheadúnas tiomána nó a ceadúnas tiomána a aisghabháil, ba cheart an measúnú sin a aithint ar fud an Aontais agus, dá bhrí sin, i mBallstát an chiona freisin ar choinníoll go bhfuil an tréimhse shocraithe ama arna forchur ag Ballstát an chiona mar chuid den dícháiliúchán tiomána caite.

⁺ IO : cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir thagartha na Treorach a leagtar amach i ndoiciméad ST 8353/25 (2023/0053 (COD)).

- (24) Agus na bearta curtha i bhfeidhm ag an mBallstát eisiúna, ba cheart a áirithiú go bhfuil dícháiliúchán tiomána curtha chun feidhme agus níor cheart a cheangal go ndéanfar measúnú nua ar na fíricí ba chúis leis an dícháiliúchán tiomána.
- (25) Chun a ráthú nach mbeidh cur chun feidhme dícháiliúcháin tiomána contrártha do phrionsabal na comhréireachta, do chearta bunúsacha ná d'eisceachtaí dá bhforáiltear i ndlí an Bhallstáit eisiúna, is iomchuí forais áirithe a leagan síos lena ndíolmhaítear an Ballstát eisiúna ón oibleagáid maidir le bearta a ghlacadh. Maidir le forais le haghaidh díolúine nach bhfuil éigeantach, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann a chinneadh go ndéanfaidh an t-údarás inniúil measúnú córasach ar na forais sin nó nach ndéanfar measúnú orthu ach amháin má tá cúis shubstaintiúil ann lena chreidiúint go bhfuil feidhm ag na forais sin. I ngach cás, ba cheart deis a bheith ag an duine faoi réir an dícháiliúcháin tiomána i gcónaí leigheas dlí a lorg i dtaca leis an measúnú agus le cur i bhfeidhm na bhforas le haghaidh díolúine a thug Ballstát eisiúna, i gcomhréir le dlí an Bhallstáit sin.

- (26) Thairis sin, tacaíonn digiteáil na rialacha maidir le trácht ar bhóithre le seirbhísí faisnéise tráchta fíor-ama, lena n-éascaítear iompar dleathach agus lena gcuirtear ar chumas tiománaithe rialacháin tráchta náisiúnta a urramú, lena n-áirítear nuair a bhíonn siad ag tiomáint thar lear. Le Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹³, ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh sonraí statacha agus dinimiciúla a mhéid a bhaineann le teorainneacha luais is infheidhme maidir leis an ngréasán cuimsitheach tras-Eorpach do bhóithre, do mhótarbhealaí eile agus do chodanna de phríomhbhóithre, agus do chathracha i lár na nód uirbeach, faoi choinníollacha áirithe, ar fáil agus inrochtana trí phointí rochtana náisiúnta faoin 31 Nollaig 2028. Le Treoir 2010/40/AE, moltar do na Ballstáit freisin sonraí maidir le teorainneacha luais a chur ar fáil do chodanna eile dá ngréasán bóithre. Tá clásal athbhreithnithe ann, ar ar a bhonn atá an Coimisiún le hathbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir le hinfhaighteacht agus inrochtaineacht sonraí, i measc nithe eile, agus lena moltar, i gcás inarb iomchuí, cumhdach geografach cineálacha áirithe sonraí a mheastar a bheith ríthábhachtach a oiriúnú faoin 31 Nollaig 2028.
- (27) Ar mhaithe le sábháilteacht ar bhóithre agus chun deimhneacht dhlíthiúil a thabhairt don duine atá faoi réir dícháiliúchán tiomána agus do Bhallstát an chiona, ba cheart don Bhallstát eisiúna an dícháiliúcháin tiomána a chur i bhfeidhm nó foras le haghaidh díolúine a chur i bhfeidhm gan moill mhíchuí, agus in aon chás laistigh de na teorainneacha ama, más ann dóibh, a leagtar síos i bhforálacha an dlí náisiúnta maidir le dícháiliúchán tiomána a fhorchur. Ba cheart don Bhallstát eisiúna eolas maidir le haon mhoill a chur in iúl do Bhallstát an chiona.

¹³ Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le creat chun Córais Chliste Iompair a chur chun úsáide i réimse an iompair de bhóthar agus le haghaidh comhéadain le modhanna eile iompair (IO L 207, 6.8.2010, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2010/40/oj>).

- (28) Maidir le cur chun feidhme cuí na Treorach seo, glactar leis go mbeidh dlúthchumarsáid ghasta éifeachtach idir na húdaráis náisiúnta inniúla lena mbaineann. Ba cheart gach cumarsáid idir Ballstát an chiona agus an Ballstát eisiúna chun dícháiliúcháin tiomána a chur chun feidhme a dhéanamh trí líonra an Aontais um cheadúnais tiomána dá dtagraítear i dTreoir (AE) 2025/...⁺ agus ba cheart don Choimisiún a áirithiú go mbeidh na hacmhainní is gá ag an líonra sin chun an cúram sin a chomhlíonadh. Thairis sin, i gcásanna sonracha dea-shainithe, ba cheart don Bhallstát eisiúna agus do Bhallstát an chiona araon faisnéis thábhachtach a thabhairt dá chéile gan mhoill maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo. Ba cheart d'údarais náisiúnta inniúla na mBallstát dul i gcomhairle le chéile nuair is gá chun an Treoir seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear i ndáil leis an méid seo a leanas: bearta a ghlacadh lena gcuirtear dícháiliúcháin tiomána chun feidhme; cinntí a dhéantar ar fhorais díolúine; na dícháiliúcháin tiomána a chur i gcrích; agus aon imthosca a dhéanann difear do na dícháiliúcháin tiomána a forchuireadh ar dtús, mar shampla an t-athbhreithniú arna dhéanamh ag na húdaráis náisiúnta ar an dícháiliúcháin tiomána a d'fhorchuir Ballstát an chiona ar dtús nó comhlíonadh na gcoinníollacha comhlántacha ag an duine atá faoi réir an dícháiliúcháin tiomána i mBallstát an chiona.

⁺ IO : cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir thagartha na Treorach a leagtar amach i ndoiciméad ST 8353/25 (2023/0053 (COD)).

- (29) Ba cheart don Bhallstát eisiúna an duine atá faoi réir dícháiliúchán tiomána arna bhforchur ag Ballstát an chiona a chur ar an eolas, a mhéid is féidir, tráth nach déanaí ná 20 lá oibre tar éis an fógra maidir leis an dícháiliúchán tiomána arna fhorchur a fháil i gcomhréir leis na nósanna imeachta faoina dhlí náisiúnta.
- (30) Tar éis dó an dícháiliúchán tiomána a chur chun feidhme, ba cheart don Bhallstát eisiúna an duine atá faoi réir an dícháiliúcháin tiomána a chur ar an eolas, laistigh de na spriocamanna a leagtar síos chun fógra a thabhairt faoi chinntí comhchosúla faoina dhlí náisiúnta, faoi ghlacadh na mbeart arna ndéanamh chun an dícháiliúchán tiomána sin a chur chun feidhme, go háirithe chun feidhmiú na gceart bunúsach a cheadú.
- (31) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh leigheasanna dlíthiúla leordhóthanacha ar fáil maidir le bearta arna ndéanamh de bhun na Treorach seo, agus go gcuirfear faisnéis faoi na leigheasanna sin ar fáil in am trátha chun a áirithiú gur féidir iad a fheidhmiú go héifeachtach. Níor cheart, áfach, go bhféadfaí agóid a dhéanamh i gcoinne an dícháiliúcháin tiomána arna bhforchur ag Ballstát an chiona trí chaingean arna tabhairt sa Bhallstát eisiúna.

- (32) Ceart bunúsach is ea cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil a sonraí pearsanta. I gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le hAirteagal 16(1) CFAE, tá an ceart ag daoine aonair go ndéanfar na sonraí pearsanta a bhaineann leo a chosaint. Ba cheart feidhm a bheith ag reachtaíocht ábhartha an Aontais, is é sin Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁴ agus Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁵, maidir le próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs na Treorach seo i gcomhréir lena raon feidhme faoi seach.
- (33) Leis an Treoir seo, bunaítear an bunús dlí le sonraí pearsanta a mhalartú chun dícháiliúcháin tiomána arna bhforchur ag Ballstát seachas an Ballstát eisiúna, a chur chun feidhme. Tá an bunús dlí sin i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679, agus Treoir (AE) 2016/680. Na sonraí pearsanta atá le malartú leis an mBallstát eisiúna, ba cheart dóibh a bheith teoranta don mhéid is gá chun na hoibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo a chomhlíonadh.

¹⁴ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj>).

¹⁵ Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 i ndáil le cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údarais inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2016/680/oj>).

- (34) Chun malartú faisnéise rianúil, iontaofa agus éifeachtach a áirithiú, ba cheart do gach Ballstát pointe teagmhála náisiúnta amháin nó níos mó a ainmniú chun críocha na Treorach seo. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go n-oibríonn a bpointí teagmhála náisiúnta féin i gcomhar leis na húdaráis inniúla ar mhaithe le forfheidhmiú na ndícháiliúchán tiomána a chumhdaítear leis an Treoir seo, go háirithe chun a áirithiú go ndéanfar an fhaisnéis uile is gá a chomhroinnt in am trátha.
- (35) Ba cheart na Ballstáit a bheith in ann pointe teagmhála náisiúnta amháin nó níos mó agus údaráis inniúla a ainmniú chun na cúraimí is gá a chomhlíonadh chun an Treoir seo a chur chun feidhme agus dóibh a bheith in ann na rialacha maidir le comhar i measc na n-eintiteas náisiúnta sin a shainiú, chun cur chun feidhme éifeachtúil na Treorach seo a éascú.
- (36) Ar mhaithe le forfheidhmiú éifeachtach dícháilithe tiomána, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go seiceálfaidh na húdaráis inniúla an ceart tiomána, go háirithe i gcás ina bhfuil amhras ann an bhfuil an tiománaí lena mbaineann faoi réir dícháiliúchán tiomána, go háirithe i gcásanna nár tugadh suas na ceadúnais tiomána go fisiciúil.
- (37) Ba cheart do na Ballstáit staidreamh a bhailiú go rialta maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo, agus iad a sheoladh chuig an gCoimisiún, 4 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo i dtosach báire agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin.

- (38) Ní thugtar aghaidh leis an Treoir seo scéimeanna náisiúnta pointí pionóis faoina gcuilleann nó faoina mbailíonn sealbhóir ceadúnais tiomána pointí i ndáil le cionta áirithe a dhéanamh. Glacann na Ballstáit cineálacha éagsúla cur chuige, mar shampla bearta níos déine a fhorchur láithreach nó díriú ar fheachtais spriocdhírithe forfheidhmithe agus coisc. Agus a athbhreithniú ar an Treoir seo á dhéanamh aige, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar conas sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú agus cuidiú leis na Ballstáit dul i ngleic le dúshlán iomadúla, gan tosaíocht a thabhairt d'aon chur chuige sonracha.
- (39) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme na Treorach seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun formáid agus ábhar an deimhnithe chaighdeánaigh dícháiliúcháin tiomána a bhunú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁶.

¹⁶ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj>)).

- (40) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo, eadhon sábháilteacht ar bhóithre ar fud an Aontais a fheabhsú trí fhoráil a dhéanamh maidir le cur fógra a thabhairt faoi dhícháiliúchán tiomána agus é a chur chun feidhme, dícháiliúchán tiomána a fhorchuirtear i ndáil le cion dícháiliúcháin tiomána a dhéanamh, a thagann faoin raon feidhme na Treorach seo, i mBallstát seachas an Ballstát eisiúna nó an Ballstát gnáthchónaithe, a ghnóthú go leordhóthanach, mar gheall ar fhairsinge agus éifeachtaí na Treorach seo, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (41) Dá bhrí sin, ba cheart Treoir (AE) 2025/...⁺ a leasú dá réir sin.
- (42) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁷ agus thug sé a thuairim uaidh an 14 Meitheamh 2023,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

⁺ IO : cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir thagartha na Treorach a leagtar amach i ndoiciméad ST 8353/25 (2023/0053 (COD)).

¹⁷ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE, (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj>).

Airteagal 1
Leasuithe ar Threoir (AE) 2025/...⁺

Leasaítear Treoir (AE) 2025/...⁺ mar a leanas:

(1) in Airteagal 1(1), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(e) fógra a thabhairt faoi dhícháiliúchán tiomána agus é a chur chun feidhme, ar dícháiliúchán tiomána é arna fhorchur i ndáil le cionta dícháiliúcháin tiomána a dhéantar i mBallstát seachas an Ballstát eisiúna nó an Ballstát gnáthchónaithe.’;

(2) in Airteagal 2, cuirtear na pointí seo a leanas leis:

‘(15) ciallaíonn ‘dícháiliúchán tiomána’ an ceart tiomána atá ag tiománaí feithicle cumhacht-thiomáinte, a cheadúnas tiomána nó a ceadúnas tiomána nó an t-aitheantas do bhailíocht a cheadúnais tiomána nó a ceadúnais tiomána a chealú, a tharraingt siar, a chur ar fionraí nó a shrianadh de bhua cinneadh arna dhéanamh ag údarás inniúil atá tagtha chun bheith in-fhorfheidhmithe, gan beann ar cé acu is féidir nó nach féidir an cealú, an tarraingt siar, an cur ar fionraí, nó an srianadh sin a cháiliú mar bheart riaracháin nó coiriúil agus gan beann ar cé acu is pionós príomhúil, tánaisteach nó forlíontach nó beart sábháilteachta é;

⁺ IO: cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir thagartha na Treorach a leagtar amach i ndoiciméad ST 8353/25 (2023/0053 (COD)).

- (16) ciallaíonn ‘cealú’ an ceart tiomána, an ceadúnas tiomána nó aitheantas an cheadúnais tiomána a neamhbhailíochtú, ar fhorais riaracháin amhail gan na critéir a chomhlíonadh chun ceadúnas tiomána a fháil nó tar éis an ceadúnas tiomána a fháil trí mhodhanna calaoiseacha, i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit lena ndéantar an ceart tiomána, an ceadúnas tiomána nó aitheantas an cheadúnais tiomána a neamhbhailíochtú;
- (17) ciallaíonn ‘tarraingt siar’ cúlghairm an chirt tiomána, an cheadúnais tiomána, nó an aitheantais do bhailíocht an cheadúnais tiomána mar gheall ar chion a dhéanamh i gcomhréir le dlí náisiúnta Bhallstát an chiona nó, i gcásanna ina gcúlghairtear an ceart tiomána, an ceadúnas tiomána nó an t-aitheantas do bhailíocht an cheadúnais tiomána ar chúiseanna eile, i ndlí náisiúnta an Bhallstáit a tharraingíonn siar an ceart tiomána, an ceadúnas tiomána nó an t-aitheantas do bhailíocht an cheadúnais tiomána;
- (18) ciallaíonn ‘cur ar fionraí’ teorainn shealadach a chur leis an gceart tiomána, leis an gceadúnas tiomána nó leis an aitheantas do bhailíocht an cheadúnais tiomána, ar feadh tréimhse shocraithe ama, nó ar theaghlaim de thréimhse shocraithe ama agus go dtí go gcomhlíontar coinníollacha comhlántacha, mar gheall ar chion a dhéanamh i gcomhréir le dlí náisiúnta Bhallstát an chiona nó, i gcásanna ina bhfuil teorainn shealadach leis an gceart tiomána, leis an gceadúnas tiomána nó le bailíocht an cheadúnais tiomána ar chúiseanna eile, i ndlí náisiúnta an Bhallstáit a chuireann an ceart tiomána, an ceadúnas tiomána , nó an t-aitheantas dá bhailíocht ar fionraí;

- (19) ciallaíonn ‘srianadh’ teorainn pháirteach a chur leis an gceart tiomána, leis an gceadúnas tiomána nó le haitheantas do bhailíocht an cheadúnais tiomána ar feadh tréimhse shocraithe ama nó go dtí go gcomhlíontar coinníollacha comhlántacha, nó ar theaghlaim de thréimhse shocraithe ama agus go dtí go gcomhlíontar coinníollacha comhlántacha, mar gheall ar chion a dhéanamh i gcomhréir le dlí náisiúnta Bhallstát an chiona nó, i gcásanna ina bhfuil teorainn pháirteach leis an gceart tiomána, leis an gceadúnas tiomána, nó le bailíocht an cheadúnais tiomána ar chúiseanna eile, i ndlí náisiúnta an Bhallstáit a chuireann srian leis an gceart tiomána, leis an gceadúnas tiomána, leis an aitheantas do bhailíocht an cheadúnais tiomána;
- (20) ciallaíonn ‘coinníollacha comhlántacha’ coinníollacha, seachas tréimhse shocraithe ama a bheith caite, a bhfuil sé de cheangal ar dhuine atá faoi réir dícháiliúchán tiomána a chomhlíonadh chun an ceart tiomána nó a cheadúnas tiomána nó a ceadúnas tiomána a aisghabháil, nó chun aitheantas do bhailíocht a cheadúnais tiomána nó a ceadúnais tiomána a fháil ar ais nó an tréimhse shocraithe ama is féidir leis an duine sin a chomhlíonadh chun an aisghabháil sin a éascú;
- (21) ciallaíonn ‘Ballstát an chiona’ an Ballstát ina ndearnadh an cion;
- (22) ciallaíonn ‘Ballstát eisiúna’ an Ballstát a d’eisigh an ceadúnas tiomána;

(23) ciallaíonn ‘cion dícháiliúcháin tiomána’ aon cheann de na cionta tráchta seo a leanas a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre:

- (a) tiomáint faoi thionchar an óil mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (g), de Threoir (AE) 2015/413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*;
- (b) tiomáint faoi thionchar drugaí mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (h), de Threoir (AE) 2015/413;
- (c) tiomáint ar róluas mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (d), de Threoir (AE) 2015/413;
- (d) iompar lena sáraítear rialacháin um thrácht ar bhóithre, agus arbh é ba chúis le bás nó díobháil thromchúiseach do choirp duine eile le feithicil chumhacht-thiomáinte, mar a shainítear i ndlí náisiúnta Bhallstát an chiona.’;

* Treoir (AE) Uimh. 2015/413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise agus cúnamh frithpháirteach faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre (IO L 68, 13.3.2015, lch. 9, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2015/413/oj>).’;

(3) cuirtear na hAirteagail seo a leanas isteach:

‘Airteagal 15a

Dualgas maidir le fógra a thabhairt faoi dhícháiliúcháin tiomána

1. Déanfaidh Ballstát an chiona, tar éis a fhíorú, más iomchuí, nach bhfuil gnátháit chónaithe an duine atá faoi réir an dícháiliúcháin tiomána ina chríoch agus nach bhfuil ceadúnas tiomána aige nó aici arna eisiúint ag an mBallstát sin, fógra a thabhairt don Bhallstát eisiúna gan moill mhíchuí maidir le dícháiliúchán tiomána, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:
 - (a) gurb ionann an dícháiliúchán tiomána agus tarraingt siar, cur ar fionraí nó srianadh an chirt tiomána, an cheadúnais tiomána nó an aitheantais do bhailíocht an cheadúnais tiomána;
 - (b) gur forchuireadh an dícháiliúchán tiomána mar gheall go ndearnadh cion dícháilithe tiomána, i gcomhréir le dlí náisiúnta Bhallstát an chiona;
 - (c) nach bhfuil an cinneadh lena bhforchuirtear an dícháiliúchán tiomána faoi réir ceart chun achomhairc a thuilleadh i mBallstát an chiona;
 - (d) i gcásanna ina bhforchuirtear an dícháiliúchán tiomána ar feadh tréimhse shocraithe, gur 3 mhí ar a laghad a fhad;

- (e) tráth tugtha an fhógra, gur mó ná mí amháin an tréimhse fionraí nó srianta atá fágtha atá le comhlíonadh de bhun an dícháiliúcháin tiomána; agus
 - (f) gur sainaithníodh gurb é an duine atá faoi réir an dícháiliúcháin tiomána an tiománaí a rinne an cion dícháilithe tiomána.
2. Tabharfar an fógra dá dtagraítear i mír 1 i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i míreanna 3 agus 4.
 3. Déanfaidh údarás inniúil Bhallstát an chiona an deimhniú caighdeánach chun dícháiliúchán tiomána a chur in iúl (an 'deimhniú caighdeánach maidir le dícháiliúchán tiomána') a chomhlánú, a shíniú agus a tharchur chuig údarás inniúil an Bhallstáit eisiúna i gcomhréir le hAirteagal 22(3a). Déanfaidh údarás inniúil Bhallstát an chiona an cinneadh lena bhforchuirtear an dícháiliúchán tiomána, agus ceadúnas tiomána an duine atá faoi réir an dícháiliúcháin tiomána má tugadh suas é, a tharchur freisin chuig údarás inniúil an Bhallstáit eisiúna.
 4. Déanfar an deimhniú caighdeánach maidir le dícháiliúchán tiomána a tharchur i bhfoirm leictreonach. Leagfar amach an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad sa deimhniú sin ar bhealach struchtúrtha:
 - (a) ainm, seoladh poist, seoladh ríomhphoist agus uimhir ghutháin an údaráis inniúil a d'fhorchuir an dícháiliúchán tiomána i mBallstát an chiona;

- (b) an cineál ciona dícháilithe tiomána a rinneadh;
- (c) tuairisc ar na fíorais as ar eascair an dícháiliúchán tiomána;
- (d) na forálacha dlí is infheidhme i mBallstát an chiona;
- (e) i gcás inarb infheidhme, an modh a úsáideadh chun an dícháiliúchán tiomána a bhrath agus torthaí na dtomhas ábhartha tráth a rinneadh an cion sin;
- (f) na sonraí seo a leanas maidir leis an duine atá faoi réir an dícháiliúcháin tiomána: ainm; an seoladh a d'úsáid Ballstát an chiona le haghaidh cumarsáide; uimhir an cheadúnais tiomána; más gá, uimhir aitheantais náisiúnta; agus i gcás ina bhfuil sí ar fáil, uimhir an tiománaí;
- (g) raon feidhme beacht, ábhar agus fad an dícháiliúcháin tiomána, lena n-áirítear, más infheidhme, an dáta a cuireadh tús leis an bpróiseas dícháiliúcháin tiomána, an dáta a scoireann an cur ar fionraí nó an srianadh d'éifeacht a bheith aige, na cóid a liostaítear in Iarscríbhinn I, Cuid E, agus aon choinníoll comhlántach arna leagan síos ag Ballstát an chiona;
- (h) tréimhse an dícháiliúcháin tiomána a cuireadh isteach cheana i mBallstát an chiona, i gcás inarb infheidhme, arna sloinneadh i laethanta;

- (i) i gcás inarb infheidhme, aon tréimhse thoirmisc is infheidhme i mBallstát an chiona chun an ceadúnas tiomána arb ann dó cheana a aisghabháil nó chun iarratas a dhéanamh ar cheadúnas tiomána nua; agus
 - (j) fógra a thabhairt féachaint ar thug Ballstát an chionta fógra faoin dícháiliúchán tiomána don duine atá faoi réir an dícháiliúcháin tiomána, an ndearna an duine atá faoi réir an dícháiliúcháin tiomána achomharc i gcoinne an chinnidh lena bhforchuirtear an dícháiliúchán tiomána i mBallstát an chiona agus an raibh ionadaíocht ag an duine atá faoi réir an dícháiliúcháin tiomána sa nós imeachta achomhairc.
5. 6 mhí ar a laghad roimh dháta an trasuí, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, an méid seo a leanas a bhunú:
- (a) formáid agus ábhar an deimhnithe chaighdeánaigh maidir le dícháiliúchán tiomána; agus
 - (b) an fhormáid don fhaisnéis a sholáthraítear faoi Airteagail 15f agus 15g.

Déanfar an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 26(2).

Airteagal 15b

Sonraíochtaí a bhaineann le teanga an deimhnithe caighdeánaigh maidir le dícháiliúchán tiomána

1. Tarchuirfear an deimhniú caighdeánach maidir le dícháiliúchán tiomána in aon teanga oifigiúil de chuid institiúidí an Aontais ar teanga oifigiúil í de chuid an Bhallstáit eisiúna, nó in aon teanga oifigiúil eile de chuid institiúidí an Aontais ar ghlac an Ballstát eisiúna léi i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo.
2. Féadfaidh aon Bhallstát, tráth ar bith, a shonrú i ndearbhú arna chur faoi bhráid an Choimisiúin, go nglacfaidh sé le deimhnithe caighdeánacha maidir le dícháiliúchán tiomána i gceann amháin nó níos mó de theangacha oifigiúla institiúidí an Aontais nach teanga oifigiúil nó teangacha oifigiúla de chuid an Bhallstáit eisiúna í nó iad. Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann an dearbhú sin a mhodhnú nó a tharraingt siar tráth ar bith. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar fáil do na Ballstáit uile, lena n-áirítear i líonra an Aontais um cheadúnais tiomána, dá dtagraítear in Airteagal 22(1), chun an fógra ó na Ballstáit a éascú.
3. Ní bheidh aon oibleagáid ar Bhallstát an chion a cinneadh lena bhforchuirtear an dícháiliúchán tiomána a aistriú.

Airteagal 15c

Oibleagáid ar an mBallstát eisiúna an dícháiliúcháin tiomána arna fhorchur ag Ballstát an chiona a chur chun feidhme

1. Áiritheoidh an Ballstát eisiúna go mbeidh sé de chumhacht ag a údaráis inniúla an ceadúnas tiomána a tharraingt siar, a chur ar fionraí nó a shrianadh ar bhonn an dícháiliúcháin tiomána a dtugtar fógra dóibh ina leith i gcomhréir le hAirteagal 15a.
2. Gan dochar do na forais le haghaidh díolúintí a leagtar síos in Airteagal 15e, áiritheoidh an Ballstát eisiúna, i gcásanna ina bhfaighidh a údaráis inniúla deimhniú caighdeánach maidir le dícháiliúcháin tiomána i gcomhréir le hAirteagal 15a, go ndéanfaidh na húdaráis sin, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 15d, an ceadúnas tiomána a tharraingt siar, a chur ar fionraí nó a shrianadh.

Airteagal 15d

Cur chun feidhme an dícháiliúcháin tiomána a dtugtar fógra ina leith don Bhallstát eisiúna

1. Más ionann an dícháiliúcháin tiomána agus tarraingt siar i mBallstát an chiona, déanfaidh an Ballstát eisiúna an méid seo a leanas:
 - (a) bearta a dhéanamh a mbeidh ceann de na nithe seo a leanas mar thoradh orthu:
 - (i) ceadúnas tiomána an duine atá faoi réir an dícháiliúcháin tiomána a tharraingt siar; nó

- (ii) i gcás nach bhforáiltear don tarraingt siar sa Bhallstát eisiúna, cur ar fionraí an cheadúnais tiomána don tréimhse ama a leagtar síos i ndlí náisiúnta an Bhallstáit eisiúna le haghaidh chion dícháilithe tiomána den chineál sin, measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht nó inniúlacht tiomána an tiománaí, agus pé gníomh a mheastar a bheith iomchuí tar éis an mheasúnaithe sin a dhéanamh;
- (b) a chur san áireamh, a mhéid atá sé comhoiriúnach lena dhlí náisiúnta, na coinníollacha comhlántacha nach mór don duine atá faoi réir an dícháiliúcháin tiomána a chomhlíonadh agus a comhlíonadh cheana féin i mBallstát an chiona; agus
- (c) na bearta a rinneadh de bhun phointe (a) a chlárú ina chlár náisiúnta ceadúnas tiomána chun críocha an fhaisnéis sin a nochtadh i gcomhréir le hAirteagal 22(3a).

I gcás tarraingt siar, féadfaidh an duine atá faoi réir an dícháiliúcháin tiomána a cheadúnas tiomána nó a ceadúnas tiomána a aisghabháil nó iarratas a dhéanamh ar cheadúnas tiomána nua i gcomhréir le hAirteagail 10, 16 agus 20.

2. Más ionann an dícháiliúchán tiomána agus cur ar fionraí nó srianadh, déanfaidh an Ballstát eisiúna an méid seo a leanas:
- (a) ceadúnas tiomána an duine atá faoi réir an dícháiliúcháin tiomána a chur ar fionraí nó a shrianadh, de réir mar is iomchuí, go dtí an dáta a scoirfidh an cur ar fionraí nó an srianadh arna fhorchur agus arna chur in iúl ag Ballstát an chiona d'éifeacht a bheith aige nó ar feadh tréimhse lena gcomhfhreagraítear don fhad a chuireann an Ballstát eisiúna i bhfeidhm do chion dícháilithe tiomána den chineál sin más giorra é ná an fad a d'fhorchuir Ballstát an chiona;
 - (b) an beart a rinneadh a chlárú i gclár náisiúnta na gceadúnas tiomána agus an fhaisnéis sin a nochtadh i gcomhréir le hAirteagal 22(3a);
 - (c) cur ar fionraí nó srianadh a d'fhorchuir Ballstát an chiona agus ar thug sé fógra ina leith, i gcás ina mbeidh siad faoi réir tréimhse shocraithe ama a bheith caite agus coinníollacha comhlántacha a chomhlíonadh, gan ach an tréimhse shocraithe ama a chur san áireamh; agus
 - (d) i gcás ina bhforchuireann Ballstát an chiona srianadh agus ina dtabharfaidh sé fógra ina leith, é a chur san áireamh a mhéid atá sé comhoiriúnach le dlí an Bhallstáit eisiúna ó thaobh a chineáil.

3. Gan dochar don fhoras le haghaidh díolúine a leagtar síos in Airteagal 15e(1), pointe (a), nuair a ghlacann sé bearta faoin Airteagal seo, beidh an Ballstát eisiúna faoi cheangal ag an bhfaisnéis agus na fíorais a chuireann Ballstát an chiona ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 15a, agus beidh sé ag brath ar an bhfaisnéis agus ar na fíorais sin.
4. Déanfaidh an Ballstát eisiúna na bearta dá dtagraítear san Airteagal seo, nó glacfaidh sé cinneadh go bhfuil feidhm ag foras le haghaidh díolúine de bhun Airteagal 15e, gan moill mhíchuí agus in aon chás laistigh de na teorainneacha ama, más ann dóibh, a leagtar amach sa dlí náisiúnta maidir le dícháiliúcháin tiomána a fhorchur.
5. Ní chuirfidh aon ní sa Treoir seo cosc ar Bhallstát an chiona an méid seo a dhéanamh:
 - (a) gan aitheantas a thabhairt do bhailíocht an cheadúnais tiomána a aisghabhadh nó a fuarthas as an nua, le linn na tréimhse toirmisc is infheidhme i mBallstát an chiona maidir leis an gceadúnas tiomána arb ann dó cheana a aisghabháil nó iarratas a dhéanamh ar cheadúnas tiomána nua; agus

- (b) an dícháiliúchán tiomána a fhorfheidhmiú laistigh dá chríoch, ar feadh a fhaid iomláin, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta agus ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:
- (i) i gcás ina dtugtar fógra don Bhallstát eisiúna faoi dhícháiliúchán tiomána lena ngabhann coinníollacha comhlántacha i gcomhréir le hAirteagal 15a, féadfaidh Ballstát an chiona leanúint den dícháiliúchán tiomána sin a chur i bhfeidhm laistigh dá chríoch go dtí go gcomhlíonfaidh an duine atá faoi réir an dícháiliúcháin tiomána na coinníollacha sin; i gcás den sórt sin, cuirfidh Ballstát an chiona in iúl, trí líonra an Aontais um cheadúnais tiomána, an dáta a chomhlíon an duine atá faoi réir an dícháiliúcháin tiomána na coinníollacha comhlántacha;
- (ii) i gcás ina mbeidh sé deimhnithe le measúnú ag an mBallstát eisiúna go gcomhlíonann an duine atá faoi réir an dícháiliúcháin tiomána na coinníollacha is infheidhme sa Bhallstát eisiúna chun a cheadúnas tiomána nó a ceadúnas tiomána a aisghabháil, nó chun iarratas a dhéanamh ar cheadúnas tiomána nua, measfaidh Ballstát an chiona go mbeidh na coinníollacha comhlántacha a ghabhann le dícháiliúchán tiomána a dtugtar fógra ina leith i gcomhréir le hAirteagal 15a a bheith comhlíonta; i gcás den sórt sin, cuirfidh an Ballstát eisiúna in iúl, i líonra an Aontais um cheadúnais tiomána, an dáta a mheasfar go bhfuil na coinníollacha is infheidhme comhlíonta ag an duine atá faoi réir an dícháiliúcháin tiomána.

6. Ní chuirfidh aon ní sa Treoir seo cosc ar an mBallstát eisiúna measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht agus inniúlacht tiomána shealbhóir an cheadúnais tiomána agus, tar éis an mheasúnaithe sin, pé beart a mheastar a bheith iomchuí i gcomhréir lena dhlí náisiúnta a dhéanamh, agus na bearta arna ndéanamh ag Ballstát an chiona á gcur san áireamh freisin, má bhíonn cúis ann lena chreidiúint go bhfuil oiriúnacht nó inniúlacht tiomána shealbhóir an cheadúnais tiomána ina riosca don tsábháilteacht ar bhóithre.

Airteagal 15e

Forais le haghaidh díolúine

1. Ní dhéanfaidh an Ballstát eisiúna na bearta dá dtagraítear in Airteagal 15d(1) agus (2) sna cásanna seo:
 - (a) tá an deimhniú caighdeánach maidir le dícháiliúchán tiomána neamhiomlán nó tá sé mícheart go follasach nó níor tugadh an fhaisnéis atá ar iarraidh nó an fhaisnéis cheart, de réir mar is infheidhme, i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo;
 - (b) ar bhonn na faisnéise a fuarthas ó Bhallstát an chiona i gcomhréir le hAirteagal 15f(2), pointe (b), deimhnítear go mbeadh deireadh tagtha leis an dícháiliúchán tiomána cheana féin i mBallstát an chiona faoin dáta a ghlacfadh an Ballstát eisiúna na bearta dá dtagraítear in Airteagail 15d(1) nó (2).

2. Féadfaidh an Ballstát eisiúna, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta, na forais le haghaidh díolúine seo a chur i bhfeidhm freisin:
- (a) baineann an dícháiliúchán tiomána le cion dícháiliúcháin tiomána nach mbeadh dícháiliúchán tiomána ina thoradh air faoi dhlí an Bhallstáit eisiúna, ar bhonn na faisnéise a dtugtar fógra ina leith faoi Airteagal 15a;
 - (b) níor forchuireadh an dícháiliúchán tiomána ach amháin ar fhorais róluais agus ba lú ná 50 km/h sárú na luasteorainne is infheidhme i mBallstát an chion;
 - (c) tá an dícháiliúchán tiomána faoi urchosc reachta i gcomhréir le dlí an Bhallstáit eisiúna;
 - (d) is ann d’imdhíonacht nó do phribhléid faoi dhlí an Bhallstáit eisiúna a fhágann nach féidir an dícháiliúchán tiomána a chur chun feidhme;
 - (e) tá forais shubstaintiúla ann lena chreidiúint gur dócha go sárófar cearta bunúsacha nó prionsabail bhunúsacha dlí mar a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh iad; nó
 - (f) tá an ceadúnas tiomána lena mbaineann an fógra faoi réir bearta dá dtagraítear in Airteagail 15d(1) nó (2) cheana féin, ar bearta iad a rinneadh ar bhonn fógra eile a tugadh níos luaithe agus ar faide a dtréimhse feidhme.

3. Féadfaidh an Ballstát eisiúna pé faisnéis is gá a iarraidh chun scrúdú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil feidhm ag foras le haghaidh díolúine dá dtagraítear i mír 1 nó 2. Cuirfidh Ballstát an chiona an fhaisnéis a iarrtar ar fáil gan mhoill agus féadfaidh sé aon fhaisnéis bhreise nó barúil bhreise a mheasann sé a bheith ábhartha a chur ar fáil.

Ní áireofar san fhaisnéis a sholáthrófar faoin mír seo sonraí pearsanta seachas na sonraí sin a bhfuil géarghá leo chun míreanna 1 agus 2 a chur i bhfeidhm agus ní úsáidfear í ach chun na míreanna sin a chur i bhfeidhm agus chun na críche sin amháin.

Airteagal 15f

An fhaisnéis atá le malartú idir na Ballstáit agus an dícháiliúchán tiomána arna fhorchur ag Ballstát seachas an Ballstát eisiúna nó an Ballstát gnáthchónaithe á chur chun feidhme

1. Cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit eisiúna in iúl d'údarás inniúil Bhallstát an chiona gan mhoill, ar bhealach struchtúrtha agus trí fhoirm leictreonach, i gcomhréir le hAirteagal 22(3a), na bearta a rinneadh faoi Airteagal 15d nó an cinneadh go bhfuil feidhm ag foras le haghaidh díolúine de bhun Airteagal 15e mar aon leis na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin.
2. Más infheidhme, cuirfidh údarás inniúil Bhallstát an chiona údarás inniúil an Bhallstáit eisiúna ar an eolas, gan mhoill, maidir leis an méid a leanas:
 - (a) aon imthoisc a dhéanann difear don dícháiliúchán tiomána a forchuireadh;
 - (b) deireadh an dícháiliúcháin tiomána i mBallstát an chiona.

Airteagal 15g

An fhaisnéis atá le tabhairt don duine atá faoi réir dícháiliúcháin tiomána arna fhorchur ag Ballstát seachas an Ballstát eisiúna nó an Ballstát gnáthchónaithe, agus na leigheasanna dlí atá ar fáil

1. Cuirfidh an Ballstát eisiúna an duine atá faoi réir dícháiliúcháin tiomána ar an eolas faoi fhógra a thugtar faoi Airteagal 15a, a mhéid is féidir tráth nach déanaí ná 20 lá oibre tar éis a fhaighte, i gcomhréir leis na nósanna imeachta faoina dhlí náisiúnta.
2. Sonrófar an méid seo a leanas ar a laghad san fhaisnéis a thabharfar don duine atá faoi réir an dícháiliúcháin tiomána:
 - (a) ainm, seoladh poist, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin na n-údarás atá inniúil maidir le forfheidhmiú an dícháiliúcháin tiomána ón mBallstát eisiúna agus ó Bhallstát an chionta; agus
 - (b) na leigheasanna dlí atá ar fáil faoi dhlí an Bhallstáit eisiúna, in éineacht leis an gceart éisteachta.
3. Cuirfidh an Ballstát eisiúna an duine atá faoi réir an dícháiliúcháin tiomána ar an eolas, laistigh de na sprioc-amanna a leagtar síos chun fógra a thabhairt maidir le cinntí comhchosúla faoina dhlí náisiúnta agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta faoina dhlí náisiúnta seo a leanas:
 - (a) glacadh na mbeart faoi Airteagail 15d(1) agus (2);
 - (b) sonraí na mbeart sin;

- (c) na leigheasanna dlí atá ar fáil faoina dhlí náisiúnta chun agóid a dhéanamh in aghaidh na mbeart sin; agus
 - (d) an nós imeachta atá le leanúint chun an ceadúnas tiomána arb ann dó cheana a aisghabháil nó chun iarratas a dhéanamh ar cheadúnas tiomána nua.
4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh teacht ar leigheasanna dlí leordhóthanacha in aghaidh cinntí nó bearta a dhéantar de bhun Airteagail 15a go 15g, go háirithe in aghaidh neamhchur i bhfeidhm an fhorais le haghaidh díolúine. Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun a áirithiú go soláthrófar faisnéis maidir leis na leigheasanna sin in am trátha chun a áirithiú gur féidir na leigheasanna sin a fheidhmiú go héifeachtach.
 5. Ní fhéadfar agóid a dhéanamh in aghaidh dícháiliúchán tiomána a dtugtar fógra ina leith faoi Airteagal 15a ach amháin i gcaingean a thionscnaítear i mBallstát an chiona.
 6. Cuirfidh Ballstát an chiona agus an Ballstát eisiúna a chéile ar an eolas maidir leis na leigheasanna dlí atá á lorg in aghaidh cinntí nó bearta a dhéantar de bhun Airteagail 15a go 15g. Arna iarraidh sin don Bhallstát eisiúna, cuirfidh Ballstát an chiona pé faisnéis is gá ar fáil don Bhallstát eisiúna chun críoch mhír 3 den Airteagal seo.’;

(4) in Airteagal 22, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘3a. Déanfar gach cumarsáid idir na Ballstáit de bhun Airteagail 15a go 15g trí líonra an Aontais um cheadúnais tiomána dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo. Chuige sin, tabharfaidh na Ballstáit rochtain ar líonra an Aontais um cheadúnais tiomána do phointí teagmhála náisiúnta arna n-ainmniú chun críocha Airteagail 15a go 15g.

Áiritheoidh na Ballstáit go n-oibreoidh a bpointí teagmhála náisiúnta féin i gcomhar leis na húdaráis atá inniúil maidir le forfheidhmiú na ndícháiliúcháin tiomána arna bhforchur i leith cionta dícháiliúcháin tiomána a dhéanamh, go háirithe chun a áirithiú go ndéanfar an fhaisnéis ábhartha uile a chomhroinnt in am trátha.’;

(5) in Airteagal 23, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘2a. Faoin ... [4 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, mar chuid den fhaisnéis dá bhforáiltear faoi mhír 2 den Airteagal seo, cuirfidh na Ballstáit an méid seo in iúl don Choimisiún, bunaithe ar shonraí a bhailítear le haghaidh gach bliana féilire:

- (a) líon na bhfógraí a fuarthas faoi Airteagal 15a(1), de réir Bhallstát an chiona;
- (b) an líon uaireanta a agraíodh foras le haghaidh díolúine faoi Airteagal 15e, lena n-áirítear na forais le haghaidh díolúine a cuireadh i bhfeidhm, de réir an Bhallstáit a thug an fógra; agus

- (c) aon fhaisnéis úsáideach maidir le feidhmiú cuí agus éifeachtacht na Treorach seo faoi Airteagail 15a go 15g, lena n-áirítear i ndáil le leigheasanna dlí.’;

(6) in Airteagal 24, mír 1, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

- ‘(c) an fhéidearthacht cur i bhfeidhm Airteagail 15a go 15g a leathnú tuilleadh chuig dícháiliúcháin tiomána arna bhforchur ar bhonn cionta tráchta seachas cionta dícháiliúcháin tiomána, chun líonra an Aontais um cheadúnais tiomána a fheabhsú tuilleadh de réir mar is gá chun an t-ualach riaracháin a laghdú agus na próisis fógartha a bharrfheabhsú, agus chun cur chun feidhme dícháiliúcháin tiomána arna fhorchur i mBallstát seachas an Ballstát eisiúna nó an ghnátháit chónaithe a éascú tuilleadh.’.

Airteagal 2

Trasuí

1. Na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin ... [3 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo]. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi sin láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón ... [4 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo].

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairtí den sórt sin.

2. A luaithe a thiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear an Coimisiún ar an eolas, in am trátha chun a bharúlacha a thíolacadh, faoi aon dréachtaí de na forálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin atá beartaithe acu a ghlacadh sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Seolaithe

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna déanamh i/in/sa ..., ...

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán